**CINNEADH Uimh. 118/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an 8 Bealtaine 2019**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2016]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1985 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 gan *Willaertia magna c2c maky* a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 11 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 12zzzzzu (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1305 ón gCoimisiún) de Chaibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

"12zzzzzv. **32018 D 1985**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1985 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 gan *Willaertia magna c2c maky* a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 11 (IO L 317, 14.12.2018, lch. 27)."

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1985 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Claude MAERTEN

---

([1]) IO L 317, 14.12.2018, lch. 27.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.